

Uimhir na Cuideachta: 199069

Uimhir Chláraithe an Charthanais: 20027711

**Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló
faoi Theorainn Ráthaíochta**

**Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023**

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta

CLÁR

	Lch
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	3
Tuarascáil na Stiúrthóirí	4 - 10
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	11
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách	12 - 14
Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais	15
Clár Comhardaithe	16
Ráiteas ar na Sreafaí Airgid	17
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	18 - 29
Faisnéis Fhorlíontach ar an Ráiteas Trádála	31 - 32

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

Stiúrthóirí

Patrick Kerr (Cathaoirleach)
Honora Faul
Colm Fitzpatrick
Claire Anderson
Patrick Ryan
Aoife Flynn
Elaine Cronin
Angela Griffith
Aoife Ní Mhaolain (Ceaptha 1 Deireadh Fómhair 2023)

Rúnaí na Cuideachta

Elaine Cronin

Uimhir na Cuideachta

199069

20027711

Oifig Chláraithe agus Seoladh Gnó

Séipéal an Gharastúin
Tor an Bhacaigh
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Iniúcháirí

John P. Greely & Company
Chartered Accountants and Statutory Auditors
Teach an Mhuilinn
Millbrook
An Nás
Co. Chill Dara

Bancéirí:

Banc-Aontas Éireann, plc
Sráid Capel
Baile Átha Cliath 1

Dlíodóirí

Denis McSweeney Solicitors
16 Plás Herbert
Baile Átha Cliath 2

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil an Stiúrthóra agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi dhlí na gcuideachtaí ní ceadmhach do na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta carthanúla agus ar na hacmhainní ag teacht isteach agus ar fheidhmiú acmhainní, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas na cuideachta carthanachta don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- Beartais oiriúnach cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin chuntasáíochta a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- A rá cibé ar cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasáíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta charthanúil ag feidhmiú;
- Breathnú ar na modhanna agus na prionsabail sa SORP Carthanas.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasáíochta leordhóthanacha a choinneáil ar leor iad chun idirbhearta na cuideachta carthanúla a thaispeáint agus a mhíniú agus staid airgeadais na cuideachta carthanúla a nochtadh le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na gCuideachtaí 2014. Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí

a. Foramharc

Is í an fhís atá ag an Músaem Náisiúnta Cló cúrsaí cló agus a dtionchar ar an domhan a léiriú agus a chur chun cinn. Is é an misean tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar ábharthacht stairiúil agus chomhaimseartha na clódóireachta in Éirinn trí iniúchadh a dhéanamh ar oidhreacht, ceardaíocht agus teicneolaíocht na clódóireachta. I measc na ngníomhaíochtaí lárnacha tá: oideachas agus foghlaim; bainistíocht agus forbairt bailiúcháin; caomhnú na ceirde; taighde; coimeádaíochas; forbairt lucht féachana; agus comhoibriú.

b. Cuspóir carthanúil

Mar atá sainmhínithe ag an gComhairle Oidhreachta, is forais sheachbhrabúsacha iad músaeim a bhailíonn, a chosnaíonn, a shealbhaíonn ar iontaobhas, a dhéanann taighde, a fhorbraíonn agus a léirmhíonann bailiúcháin réada bunaidh agus réada bunaidh atá ar iasacht ar mhaithe le leas an phobail. Feidhmíonn siad go poiblí mar áiteanna ina bhfoghlaimíonn daoine uathu agus ina bhfaigheann siad inspioráid agus taitneamh trí réada bunaidh a thaispeáint agus taighde a dhéanamh orthu.

Tá an Músaem tiomanta do raon leathan deiseanna cuimsitheacha sóisialta a sholáthar chun cabhrú le daoine eolas a chur ar oidhreacht chlódóireachta na hÉireann agus taitneamh a bhaint as ar feadh a saoil. Áirítear leis an gclár cultúrtha agus oideachais gníomhaíochtaí ar nós: turais threoraithe idirghníomhacha ar an mbuantaíspeántas; taispeántais shealadacha léirmhínithe; taispeántais den bhailiúchán ó cló-eagraithe agus clódóirí gníomhacha ar scor; ceardlanna ealaíon agus ceardaíochta; cainteanna agus léachtaí; agus eile.

Is é an t-oideachas croí gach cláir phoiblí a reáchtáil an Músaem. Aithníonn an Músaem gur cuid dhílis dá fheidhm laistigh den tsochaí é an t-oideachas agus déanfaidh sé gach rud atá ar a cumas lena ról oideachasúil a chur chun cinn dá cuairteoirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Déanann Roinn Oideachais an Mhúsaem feachtas ar an mbailiúchán uathúil a chaomhnú, a chosaint agus a mhéadú. Tá sé tiomanta do raon leathan deiseanna atá cuimsitheach go sóisialta chun oidhreacht chlódóireachta na hÉireann a aimsiú ar feadh an tsaoil agus taitneamh a bhaint as.

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

c. Aidhmeanna straitéiseacha

In 2022, thosaigh an Músaem ag cur Plean Straitéiseach nua i dtoll a chéile i gcomhairle leis an mBord Stiúrthóirí agus páirtithe leasmhara eile. Plean straitéiseach soiléir agus beacht a bheidh sa doiciméad ina leagfar amach misean, fíis, luachanna, agus aidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta do 2024-2028. Tógann an plean ar rathúlacht na heagraíochta agus tá sé mar aidhm aige a páirtithe leasmhara a thiomáint ar aistear straitéiseach nua le fíis chomhpháirteach don todhchaí. Seolfar an Straitéis go hoifigiúil in 2024. In 2023, thug an Músaem gealltanas do na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceardaíocht agus Bailiúchán
- Scéalaíocht agus Ceangal
- Foghlaim agus Fionnachtain
- Eagar agus Tionchar

d. Príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu chun cuspóirí an charthanais a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail

Ba é 47,651 líon na gcuariteoirí chuig an suíomh iomlán ó Eanáir go Nollaig agus ba é 51,913 líon na gcuariteoirí chuig taispeántais amach ón láthair sa bhliain. Tá sé seo i gcomparáid leis na figiúirí bliantúla iomlána de 43,714 in 2022 agus 56,416 roimh an phaindéim in 2019.

Taispeántais

In 2023, d'óstáil an Músaem Náisiúnta Cló ceithre thaispeántas shealadacha agus aon taispeántas lasmuigh den láthair.

Mionsaothair den Scoth: 100 Bliain de Stampaí na hÉireann

Chomhoibrigh an Músaem le An Post chun céad bliain de stampaí postais in Éirinn a cheiliúradh. Bhí an taispeántas tiomnaithe do stair, dearadh agus táirgeadh na mionshaothar seo a bhí ina n-ambasadóirí cultúrtha Éireannacha, léirigh an taispeántas ní amháin rogha leathan stampaí Éireannacha ach freisin saothair ealaíne bunaidh, profaí dearaidh, plátaí cló agus seoda eile ó Mhúsaem agus ó Chartlann An Post, cuid acu a bhí ar taispeántas go poiblí den chéad uair. Ó fhorphriontáil oifigiúil stampaí Rí Seoirse V na Breataine i nGaeilge, go siombalachas na gcéad dearaí stampaí Éireannacha i 1922-23, go léirithe féinmhuíneacha an lae inniu ar fhéiniúlacht na hÉireann san fhaisean, sa cheol, agus san ealaín sráide uirbí – rinne an taispeántas iniúchadh ar an léirmhíniú ar Éirinn, atá ag athrú an t-am ar ad, agus ar a cultúr, trí dhearadh stampaí. Thacaigh Rialtas na hÉireann leis an taispeántas agus ba é an tAire Jack Chambers, TD a sheol. In éineacht leis an taispeántas seo, d'óstáil an Músaem roinnt turas coimeadaí agus siompóisiam ag ceiliúradh dearadh stampaí na hÉireann. Táirgeadh cló freagartha litirphreasa agus leabhrán taispeántais ag gabháil leis an taispeántas.

An Antraipéin a Scrúdú: Imscrúdú Litirphreasa

D'óstáil an Músaem an taispeántas seo i gcomhar leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Is féidir an Antraipéin a shainmhíniú mar an ré gheolaíoch reatha ina bhféachtar ar ghníomhaíocht an duine mar phríomhthionchar agus mar thionchar scríosach ar chórais an Domhain. Sa taispeántas seo rinneadh imscrúdú ar théama na hAntraipéine trí chló litirphreasa, ag uair na cinniúna don athrú aeráide. Bhí obair chomhoibríoch beirt mhac léinn is fiche sa dara bliain i nDearadh Grafach ó Roinn an Dearaidh Chumarsáide sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Baile Átha Cliath mar chuid de, agus rinneadh iniúchadh ann ar thionchar an duine ar chórais nádúrtha de réir mar a nochtann sé é féin trí rianta amhairc. Cuireadh na saothair go léir i gcló le litirphreas ag Distillers Press, an cheardlann chlóghrafaíochta agus litirphriontála ag an CNED.

Ceiliúradh Litirphreasa ar Bhreandán Ó Beacháin

Mar chomóradh céad bliain ó rugadh Breandán Ó Beacháin, léirigh an Músaem obair chomhoibritheach beirt is fiche mac léinn Maisithe sa dara bliain ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Rinneadh iniúchadh sa taispeántas seo ar shaothar Uí Bheacháin trí mheascán de léaráidí lámhdhéanta agus clóghrafaíocht, agus dhírigh gach prionta acu ar shaothar ar leith de chuid an Bheachánaigh. Ag Distiller's Press, CNED, an cheardlann litirphreasa is mó in oideachas tríú leibhéal in Éirinn, a cuireadh gach ceann de na saothair i gcló.

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Blot's Most Marvellous Historical Guide to Printing Books – Ag Leabharlann an DLR Lexlcon.

In 2023, thug an Músaem an tionscadal a bhfuil gean ag an oiread sin daoine air do leabharlann DLR Lexlcon. Tríd an leabhar agus an taispeántas, tugtar an cuairteoir ar thuras ildaite, ag cur síos ar éabhlóid an leabhardhéanta, a phróisis agus a thionchair. Ba í an Dr Angela Griffith ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, saineolaí ar stair na híomhá clóite in Éirinn, an t-údar agus an coimeádaí. Jennifer Farley, duine de na maisitheoirí leabhair is spreagúla sa tír, a shamhlaigh an scéal le cur ar an leathanach agus sa spás taispeántais. Rianaítear na comhpháirtíochtaí cruthaitheacha agus siombóiseacha idir scríbhneoir, maisitheoir agus clóidóir ar bhealach dinimiciúil don léitheoir agus don chuairteoir. Seoladh an tionscadal ar dtús i mí na Nollag 2021 sa Mhúsaem, agus bhí an taispeántas ar taispeánt ag an Lexlcon i mBealtaine-lúil 2023.

Grand Stuff: Label Art from Ireland (ar leanúint go 2022)

Le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt, Gaeltachta agus Meán, thug an Músaem cuireadh do Niall McCormack coimeádaíocht a dhéanamh ar thaispeántas d'ealaín lipéid na hÉireann ó na 1890idí go dtí na 1990idí. San áireamh tá samplaí bríomhara de lipéid le haghaidh mianraí, beorach, fuisce, óstáin, línéadaigh, earraí grósaera agus cógaslanna. Is é an taispeántas seo an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, rud a chaitheann solas ar chultúr ábhartha an náisiúin, rud nach dtugtar suntas dó go rómhinic. Is ealaíontóirí gan ainm iad go leor de dhearthóirí ealaín lipéad na hÉireann, agus caomhnaíonn bailiúcháin mar seo a gcuid saothar: maireann a gcuimhne sa leagan amach, sa litreoireacht, sna léaráidí agus san fhíolagrán. Tríd an taispeántas seo, tá sé mar aidhm ag McCormack daoine a spreagadh chun smaoineamh ar dhearadh in Éirinn ag tús an 20ú haois agus ar an gcaoi a raibh sé níos beoga, níos éagsúla agus níos sofaisticiúla ná mar a shamhlófá, b'fhéidir. Féachtar sa taispeántas, leis, ar na hathruithe sóisialta, cultúrtha, polaitiúla agus teicneolaíochta a raibh tionchar acu ar a dtáirgeadh agus ar a scaipeadh.

Turais

Tá an caidreamh le hinstiúidí oideachais ag fás i gcónaí trí thurais threoraithe idirghníomhacha uathúla an Mhúsaem do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, agus d'fhorais oideachais do dhaoine fásta, ollscoileanna, coláistí teicniúla, grúpaí staire áitiúla, eagraíochtaí óige, agus grúpaí turais.

Ceardlanna

Cuireann an Músaem tairiscint iomlán agus cuimsitheach ar fáil de cheardlanna do leanaí, do theaghlaigh agus do dhaoine fásta i rith na bliana. Tugann na ceardlanna seo deis don phobal a bheith rannpháirteach go praiticiúil i roinnt teicnící clóidíreachta agus i gceirdeanna gaolmhara, agus cuirtear tairiscintí de ghníomhaíochtaí chomh héagsúil le priontáil litirphreasa, leabhardhéanamh agus priontáil bloic adhmaid ar fáil. Tugann na ceardlanna deis do dhaoine de gach aois eispéireas taitneamhach ceardaíochta a bheith acu agus iad ag foghlaim faoi ghné thábhachtach den phróiseas clóidíreachta. In 2023, sheol an Músaem 16 cheardlann do dhaoine fásta, 6 cheardlann do leanaí, agus 5 cheardlann do scoileanna.

Mná 100

Mar chomóradh ar an 16 Meitheamh ar chéad bliain de 'Thoghchán Comhaontaithe' 1922 agus chun na mná a sheas sa toghchán a chomóradh, chuaigh an Músaem Náisiúnta Cló i gcomhpháirtíocht le Mná 100 chun ceardlann chlóidíreachta píolótach nuálach a reáchtáil le daltaí bunscoile. Ag baint úsáide as litirphreasa, an modh céanna a bhí ar fáil breis agus 100 bliain ó shin, d'oibrigh na scoláirí ina ngrúpaí beaga chun a gcuid manaí toghcháin féin a chruthú. Dhírigh siad ar an mbeirt iarrthóir ban ar éirigh leo, Mary MacSwiney agus Kate O'Callaghan. Fuair siad amach an tábhacht a bhaineann le focail ar an modh stairiúil seo. Seoladh an tionscadal den chéad uair in 2022, agus reáchtáladh an dá cheardlann deiridh i mí na Bealtaine agus i mí na Nollag 2023.

For-rochtain

Bhí an Roinn Oideachais an-ghníomhach i rith na tréimhse agus bhí baint aici le go leor de na tionscadail thuasluaite. Eagraíodh laethanta taispeána go rialta, agus ghlac an Músaem páirt in imeachtaí náisiúnta amhail an tSeachtain Oidhreacht, Oíche Chultúir, an Teach Oscailte do Dhaoine Óga, Seachtain na hEolaíochta agus an tSeachtain Dearaidh chomh maith le himeachtaí áitiúla ar nós Lá na nDéantóirí.

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Tionscnamh Oiliúna Áitiúil

Staidéar Cultúir agus Oidhreacht

Tá an clár Staidéar Cultúir agus Oidhreacht ar siúl gach seachtain den bhliain ag an Músaem Náisiúnta Cló. Tionscnamh Oiliúna Áitiúil atá maoinithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB) é seo. Tugann foghlaimoirí ar an gclár faoi Chomhdhámhachtain Leibhéal 5 QQI i Staidéar Cultúir agus Oidhreacht chomh maith le taithí oibre faoi leith a fháil. Faigheann na foghlaimoirí oiliúint mar threoraithe turais sa Mhúsaem, cabhraíonn siad le gnéithe eile den Chlár Oideachais amhail For-rochtain, agus cuidíonn siad le ball foirne a bheith ar fáil ag an deasc thosaigh. Is iad aidhmeanna an chúrsa deiseanna a sholáthar chun dul ar aghaidh go cúrsaí Ardoideachais agus/nó fostaíocht a fháil san earnáil oidhreacht. Bhí 20 mac léinn rannpháirteach ar an gCúrsa Cultúir agus Oidhreacht i rith 2023. Tá céimithe ó rang 2022/2023 ag obair anois i Leabharlann Choláiste na Tríonóide (Eispéireas an Chuairteora) agus i nDrioglan Uisce Beatha Teeling, agus i mbun staidéir i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. D'éirigh leis an Tionscnamh Oiliúna Áitiúil (TOÁ) san iarratas ar dheontas a chuir sé isteach chuig ciste REACH Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, ina dtugtar tacaíocht d'fhoghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil chun rochtain a fháil ar oideachas pobail i gcathair Bhaile Átha Cliath agus páirt a ghlacadh ann. Ba é teideal aighneacht an TOÁ 'Lastall den Seomra Ranga – Tionscadal Tacaíochta agus Rannpháirtíochta d'Fhoghlaimoirí', agus áirítear leis maoiniú le haghaidh do thionscadail ghlasa nuálacha agus tacaíocht cúnamh d'fhoghlaimoirí. Tá €8898.00 de mhaoiniú faighte agus rachaidh sé chun tairbhe do ranganna 2023/2024 agus 2024/2025.

Is córas náisiúnta dearbhaithé cáilíochta é an Fíordheimhniú Seachtrach a chaithfidh gach Soláthraí Oiliúna a chur ar fáil. Is é cuspóir an phróisis scrúdaithe/fhíordheimhniú sheachtraigh ná cothroime, comhsheasmhacht agus bailíocht an mheasúnaithe a chinntiú agus torthaí foghlaimora a bhfuil dearbhú cáilíochta acu a chinntiú. Rinneadh an t-iniúchadh an 27 Samhain 2023. Ba é 'an-éifeachtach' an toradh a baineadh amach.

Tionscadail Chomhoibríocha

Strange Types & Odd Sorts

D'oibrigh cló-eagraithe agus clódóirí deonacha ón Músaem le foireann meantóirí Fighting Words chun cuimhní ar shaoil a caitheadh ar phrintíseachtaí, i dtithe oibre, ar nuachtáin, i gceanglanna agus i saol clódóireachta atá tar éis athrú ó bhonn anois a dhoiciméadú. Bhí na seisiúin lán le gáire, cuimhní comhroinnte agus braitheadh fonn láidir chun a saol oibre a dhoiciméadú ionas go gcaomhnófaí é do na glúine atá le teacht. Foilsíodh leabhar a gcuid scéalta i mí an Mheithimh 2023 agus ba é Roddy Doyle a sheol.

Clár Aistrithe Scileanna 'Making Our Impression'

Seoladh an clár nuálach seo "Making our impression" den chéad uair in 2019, agus é mar aidhm aige an lucht spéise is leithne is féidir a chuimsiú i gcaomhnú oidhreacht clódóireachta an náisiúin – atá liostaithe i bhFardal Náisiúnta na hÉireann d'Oidhreacht Chultúrtha Doláimhsithe. Roinneann painéal clódóirí agus cló-eagraithe ar scor an Mhúsaem a gcuid saineolais agus sainscileanna le grúpa aitheanta de ghlúin níos óige, a thugann gealltanais dá réir an cheird a chur ar aghaidh chuig na glúine a thiocfaidh ina ndiaidh. Tá an tionscadal seo á reáchtáil i gcomhar le hÉire Chruthaitheach, Comhairle Contae na Mí, agus an Chomhairle Oidhreacht, agus rinneadh é a athnuachan in 2023 chun go leanfar den oiliúint.

Éachtaí agus feidhmíocht

a. Athbhreithniú ar thorthaí na bliana agus forbairt amach anseo

Thaispeáin an ráiteas ar ghníomhaíochtaí airgeadais €7,365 de bharrachas don bhliain. Mhéadaigh ioncam €105,194 go €487,546. Tháinig méadú €103,511 go €480,181 ar an gcaiteachas. Mheas na stiúrthóirí go raibh feidhmíocht an charthanais sásúil don bhliain 2023.

Tá na Stiúrthóirí dóchasach go leanfaidh an cuideachta ar aghaidh ag feidhmiú go rathúil le linn na bliana amach romhainn. Admhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil na coinníollacha trádála d'oibríochtaí beaga oidhreacht fós andúshlánach agus go bhfuil tionchar díreach ag an mbrú leanúnach ar an ngeilleagar ar chumas na cuideachta ioncam deontais a chinntiú amach anseo. Tá na Stiúrthóirí ag díriú ar easnamh na cuideachta a laghdú agus chuige sin tá gníomhaíochtaí laghdaithe costais tugtha isteach acu mar aon le sruthanna nua ioncaim a chur i bhfeidhm. Tá an bord ag fiosrú freisin an bhféadfaí dul i dteagmháil le heagraíocht chomhpháirtíochta oiriúnach ón earnáil phríobháideach. Coinnítear fostaithe chomh hiomlán ar an eolas agus is féidir faoi fhorbairtí laistigh den ghnó.

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

b. Éachtaí carthanachtaí

Tá creidiúnú iomlán ag an Músaem faoi Chlár Caighdeán Músaem na hÉireann de chuid na Comhairle Oidhreachta. D'éirigh leis an Músaem roinnt deontas a fháil in 2023, lena n-áirítear deontais a thacaíonn leis an nGeilleagar Oíche trí ghníomhaíochtaí tráthnóna sa Mhúsaem, chun binse leabharlainne comhroinnte a thógáil don phobal, agus chun an buanspás taispeántais a fheabhsú lena n-áirítear ábhair a aistriú go Gaeilge.

c. Acht na Gaeilge

In 2023, chuir an Músaem Náisiúnta Cló na gnásanna seo a leanas i bhfeidhm chun ceanglais reatha Acht na Gaeilge a chomhlíonadh: athdhearadh an lógó chun go mbeadh an Ghaeilge níos feiceálaí; cuireadh gach ábhar agus téacs taispeántais ar fáil i nGaeilge; ceapadh teagmhálaí foirne, Mary Plunkett, agus bunaíodh seoladh ríomhphoist gaolmhar; cuirtear an fhaisnéis i sínithe ríomhphoist, cártaí gnó, foirmeacha aiseolais cuairteoirí agus comharthaíocht shealadach ar fáil i nGaeilge; freagraíodh i nGaeilge gach ceist a fuarthas i nGaeilge; sroicheadh íoschuóta d'fhógraíocht íochta i nGaeilge. D'fhreastail ball foirne ar sheimineár faisnéise ar riachtanais fógraíochta i mí an Mheithimh 2023 agus thuairiscigh sé ar ais don POF ar na príomhphointí a clúdaíodh.

Stiúrthóirí agus Rúnaí

Is iad seo a leanas na stiúrthóirí a d'fhóin i rith na bliana airgeadais, seachas mar a tugadh le fios:

Patrick Kerr

Honora Faul

Colm Fitzpatrick

Claire Anderson

Patrick Ryan

Aoife Flynn

Elaine Cronin

Angela Griffith

Aoife Ni Mhaolain (Ceaptha 1 Deireadh Fómhair 2023)

Tá an cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Mar sin, ní raibh leas tairbhiúil sa cuideachta ag na stiúrthóirí agus an rúnaí a d'fhóin i rith na bliana. Ar bhonn deonach a fhónann gach stiúrthóir.

Forbairtí sa Todhchaí

In 2024, tá an Músaem Náisiúnta Cló ag tabhairt faoi chaibidil nua dá scéal. Tá an músaem ag iarraidh a sheasamh mar institiúid náisiúnta oidhreachta a bhfuil ábharthacht agus luach aici a dhaingniú agus a chur chun cinn - ceann den bheagán in Éirinn atá dírithe ar ár n-oidhreacht thionsclaíoch - agus a raon agus a tionchar a leathnú. Cuid lárnach den iarracht seo is ea straitéis nua cúig bliana a fhorbairt agus teach nua fisiceach a fháil.

Tá an Coiste Athlonnaithe agus Athfhorbartha ag obair le gníomhaireachtaí rialtais éagsúla chun teach nua oiriúnach don fheidhm a aithint agus tá an Bord agus an Feidhmeannas ag obair le comhairleoir seachtrach chun an straitéis nua a fhorbairt. Seolfar an straitéis 5 bliana nua go hoifigiúil in 2024. Agus an Músaem ag dul i mbun a aistir leathnaithe agus athfhorbartha, ní mór don Mhúsaem a thaithí, a shaineolas agus a uaillmhian a chur in iúl go héifeachtach do roinnt príomhpháirtithe leasmhara agus don phobal chun comhpháirtíochtaí rithabhachtacha a bhaint amach. Chuige sin, tá an Músaem ag obair freisin chun aird a tharraingt ar a phróifíl agus a chuid oibre i measc na bpobal a ndírítear orthu.

Struchtúr, rialachas agus bainistíocht

a. Bunreacht

Ionchorpraíodh an carthanas ar 12 Feabhra 1993.

Is iad na príomhchuspóirí, dár bunaíodh an cuideachta, ná dul i mbun cur chun cinn agus caomhnú stair thionscal na clódoireachta in Éirinn.

Is é Bunreacht na Cuideachta doiciméad rialaithe an Mhúsaem Náisiúnta Cló, a dtugtaí na hAirteagail agus an Meabhrán Comhlachais air roimhe seo, a cuireadh le chéile i ndoiciméad bunreachtúil amháin ó 2016 i leith. Is é an Bord Stiúrthóirí a dhéanann na príomhchinntí, atá freagrach as ábhair ainmnithe áirithe tarmilgthe aige chuig an bPríomhfheidhmeannach trí na doiciméid Nithe Forchoimeáda agus Roinn na bhFreagrachtaídir an Bord agus an PF, a ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil. Déantar ábhair áirithe

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

a tharmligean go páirteach freisin chuig Fochoistí an Bhoird trí Théarmaí Tagartha an Bhoird agus na bhFochoistí, ach tá gach cinneadh dá leithéid faoi réir daingniú deiridh ón mBord iomlán.

Is faoi choimirce eisiach an Bhoird gach ábhar fostaíochta a bhaineann leis an POF, lena n-áirítear luach saothair, ábhair nach féidir, i gcás ar bith, a tharmligean. Comhaontaíonn an Bord scálaí pá do gach post eile agus ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach ceapacháin agus dul chun cinn ar gach scála laistigh de bhuiséid arna gceadú ag an mBord.

b. Bainistíocht Riosca

Deimhníonn na Stiúrthóirí go bhfuil próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha atá os comhair na Cuideachta a aithint, a mheas agus a bhainistiú agus go raibh an próiseas seo i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Riosca leachtachta

Maolaítear an riosca seo trína chinntiú go mbíonn an Chuideachta leachtach i gcónaí, go mbailítear airgead tirim ar bhonn tráthúil agus go ndéantar monatóireacht ghéar ar íocaíochtaí airgid thirim.

Riosca calaoise

Maolaítear an riosca seo trí dhualgais a leithroinnt go dian ó thaobh cistí a fháil agus soláthraithe a íoc. Tá próisis agus rialuithe curtha i bhfeidhm ag na Stiúrthóirí lena chinntiú go ndéantar mionseiceáil ag gach céim den phróiseas ceannaigh agus fálaí airgid chun cruinneas agus bailíocht gach idirbhirt a chinntiú.

Riosca Oibriúcháin

Maolaítear an riosca seo, lena n-áirítear an gá le háitreabh reatha an Mhúsaeim i Séipéal an Gharastúin a fhágáil, le hobair an Choiste Athlonnaithe agus Athfhorbartha. Tá an Coiste ag fiosrú roghanna maidir le cá háit a lonnófar an Músaeim amach anseo, agus d'éirigh leis an léas ar Shéipéal an Gharastúin a athnuachan go dtí mí na Samhna 2025.

Riosca cobhsaíochta airgeadais

Maolaítear an riosca seo trí straitéis tiomsaithe airgid a bheith ann atá dírithe ar bhonn leathan maoinithe a choinneáil chun a chinntiú nach mbíonn an chuideachta ag brath an iomarca ar aon fhoinse amháin. Déantar monatóireacht chúramach ar na pleananna caiteachais.

Cé go bhfuil dúshlán airgeadais ann, fuarthas €30,650 de thacaíocht deontais bhreise ón Roinn in 2023 agus bhí sé seo rithabhachtach maidir le staid airgeadais reatha an mhúsaeim a chinntiú. Tá réamhaisnéisí sreafa airgid ullmhaithe ag na Stiúrthóirí don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2024. I measc na bpleananna atá ag na stiúrthóirí chun díriú i gcónaí ar dhúshlán airgeadais na carthanachta tá:

- Mionstraitéis tiomsaithe airgid a chur i bhfeidhm le gníomhaíochtaí breise tiomsaithe airgid;
- Athbhreithniú ar na costais agus na forchostais go léir chun coigilteas féideartha costais a aithint;
- Cainteanna le maoinitheoirí maidir le maoiniú breise; agus
- Leanadh ar aghaidh leis an bplé leis an mbanc maidir le téarmaí sínte rótharraingthe a chinntiú

Agus staid airgeadais reatha na cuideachta agus na pleananna atá i bhfeidhm á gcur san áireamh, leanann na stiúrthóirí ar aghaidh ag glacadh le bonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh.

Imeachtaí iar-chláir chomhardaithe

Lean an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán dá deontas bliantúil de €155,000 do 2024 agus lean an CDETB leis an TOÁ. Tá sé beartaithe ag an Músaeim tabhairt faoi thionscadal tiomsaithe airgid i gcomhar leis an gceoltóir agus scríbhneoir Imelda May in 2024, agus tá deontais faighte aige chun a chuid tairiscintí digiteacha a fheabhsú agus chun beartas inbhuanaitheachta a fhorbairt.

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Iniúcháirí

Cheap na stiúrthóirí John P. Greely & Company mar iniúcháirí chun an corrfholúntas a líonadh agus chuir siad in iúl go raibh siad toilteanach leanúint ar aghaidh ina bpoist de réir fhorálacha alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Ráiteas ar Fhaisnéis Iniúchta Ábhartha

De réir alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014, chomh fada agus is eol do gach duine de na daoine atá ina stiúrthóirí ag an am a fhaomhtar an tuarascáil seo, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil na hiniúcháirí reachtúla ar an eolas faoi. Tá gach beart déanta ag na stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha agus tá sé cruthaithe acu go bhfuil na hiniúcháirí reachtúla ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Taifid Chuntasaíochta

Chun a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha de réir ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe go cuí fostaithe ag na stiúrthóirí agus tá córais chuntasaíochta ríomhairithe cuí coinnithe acu. Tá na taifid chuntasaíochta lonnaithe in oifig an chomhlachta i Séipéal an Gharastúin, Tor an Bhacaigh, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.

Arna shíniú thar ceann an bhoird

Patrick Kerr
Stiúrthóir

Elaine Cronin
Stiúrthóir

Dáta: 13 Meitheamh 2024

Dáta: 13 Meitheamh 2024

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí agus rialacháin infheidhme na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na cuideachta carthanúla amhail ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar na hacmhainní isteach agus cur i bhfeidhm na n-acmhainní, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas, na cuideachta carthanúla don bhliain airgeadais agus go ngéilleann siad ar gach slí eile de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na cuideachta agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nótaíl; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta charthanúil ag feidhmiú;
- breathnú ar na modhanna agus na prionsabail sa SORP Carthanas.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an chuideachta nó go dtugtar ar an gcuideachta taifid chuntasaíochta imleora a choimeád, ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta na cuideachta carthanúla, a chumasaíonn sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh na cuideachta a chinneadh, tráth ar bith, le cruinneas réasúnta, cur ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus go bhféadfár na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna shíniú thar ceann an bhoird

Patrick Kerr
Stiúrthóir

Dáta: 13 Meitheamh 2024

Elaine Cronin
Stiúrthóir

Dáta: 13 Meitheamh 2024

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

chuig Baill Chuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta

Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Mhúsaeim Náisiúnta Cló Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta Ard-Mhúsaeim na Clódóireachta faoi Theorainn Ráthaíochta ('an chuideachta') don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023 a chuimsíonn an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 2 Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Inár dtuairim, i gcás na ráiteas airgeadais:

- tugann siad dearcadh fíor agus cothrom ar na sócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail 31 Nollaig 2023 agus ar a bharrachas don bhliain dar críoch an uair sin;
- ullmhaíodh iad i gceart de réir FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann"; agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

An Bonn leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (ISAs (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos i rannán freagrachtaí an Iniúchára as iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eithe a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil d'Iniúcháirí (Éire) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus na forálacha atá ar fáil maidir le hiniúchtaí ar eintitis bheaga, sna himthosca atá leagtha amach i **nóta 24** leis na ráitis airgeadais, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas seo. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte againn chun bonn a chur ar fáil dár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, tháinig muid ar an gconclúid go bhfuil úsáid na stiúirthóirí ar bhonn gnóthas leantach na cuntasaíochta in ullmhú na ráiteas airgeadais cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha againn maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a tharraingt ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar a n-údaraithear na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúirthóirí maidir le gnóthas leantach sna hailt ábhartha den tuarascáil seo.

Eolas eile

Tá na stiúirthóirí freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus Tuarascáil ár nIniúchára ar an gcéanna. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainne an fhaisnéis eile a léamh agus, agus é sin á dhéanamh againn, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil go bhfuil sé míráite go hábhartha ar shlí eile. Má shainaithnímid neamhréireachtaí ábhartha den sórt sin nó míráiteas ábhartha dealraitheach, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtuigimid go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an fhír sin a thuairisciú. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis seo.

Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Inár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid:-

- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúirthóirí don bhliain airgeadais a bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- gur ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúirthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn atá riachtanach chun críocha ár n-iniúchta, ar feadh ár n-eolais agus ár gcreidimh.

Inár dtuairim ba leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

chuig Baill Chuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta

Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíríteas ábhartha sainaitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaíonn Acht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon cheann d'alt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis seo.

Freagrachtaí faoi seach

Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 11, na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata tuairiscithe airgeadais is infheidhme a thugann léargas fíor agus cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a chinneann siad. riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide..

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, más infheidhme, ábhair a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag baint úsáid as an mbonn gnóthas leantach cuntasáíochta mura bhfuil sé ar intinn ag an mbainistíocht an chuideachta a leachtú nó scor d'oibriú, nó níl aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an Iniúcháir as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus Tuarascáil Iniúcháir a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh de réir ISAs (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de dheasca calaoise nó earráide agus meastar gur ráitis ábhartha iad, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, má mheastar go bhfuil ionchas réasúnta ann go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamúla úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Eolas breise maidir le raon feidhme ár bhfreagrachtaí mar iniúcháir

Mar chuid den iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, tugaim mo bhreithiúnas gairmiúil agus cloím le seasamh gairmiúil sceipteachais ó thús deireadh an iniúchta. Rudaí eile a dhéanaimid:

- Aithnímid agus déanaimid measúnú ar na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha, cibé de dheasca calaoise nó earráide nó sanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Is airde an riosca nach mbraifear míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná de dheasca earráide, de bhrí gur féidir go mbeadh oibriú as lámh duine, falsaitheacht, faillí tolach, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist i gcalaois.
- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh le gnásanna iniúcháireachta a dhearadh atá iomchuí sna tosca, ach ní chun tuairim a thabhairt ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Measaimid a iomchuí atá na beartaí chuntasaíochta a úsáidtear agus a réasúnta atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara arna ndéanamh ag na stiúrthóirí.
- Déanaimid amach cibé an bhfuil sé iomchuí do na stiúrthóirí bonn gnóthais leantaigh a úsáid mar bhonn cuntasáíochta, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta atá faighte, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an tuairim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a dhíriú inár dtuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó mura leor na nochtaí sin, ár dtuairim a mhionathrú. Bunaím ár dtuairimí deiridh ar an fhianaise iniúchta a fhaightear suas go dáta ár dTuarascáil Iniúcháir. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí todhchaí cúis a thabhairt don chuideachta chun scor de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas, maidir le nithe lena n-áirítear raon agus amú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon laige shuntasach sa rialú inmheánach a aithnímid le linn ár n-iniúchta.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

chuig Baill Chuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta

Cuspóir ár gcuid oibre iniúcháireachta agus cé dóibh a bhfuil ár gcuid freagrachtaí faoi chomaoín againn

Déantar ár dtuarascáil do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúcháireachta ionas go bhféadfaimis na nithe sin a gceanglaítear orainn a lua leo i dTuarascáil an Iniúchára a lua le comhaltaí na cuideachta agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn aon fhreagracht i leith duine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí ar thángthamar orthu.

Charles Carri

thar ceann agus ar son

JOHN P. GREELY & COMPANY

Chartered Accountants and Statutory Auditors

Teach an Mhuilinn

Millbrook

An Nás

Co. Chill Dara

Dáta: 13 Meitheamh 2024

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta

RÁITEAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	Cistí neamh-shrianta 2023 €	Cistí Srianata 2023 €	Cistí Iomlána 2023 €	Cistí Iomlána 2022 €
IONCAM Ó:					
Gníomhaíochtaí Carthanúla		32,021	432,020	464,041	356,221
Gníomhaíochtaí trádála		1,905	-	1,905	4,531
Ioncam eile		21,600	-	21,600	21,600
IONCAM IOMLÁN	4	55,526	432,020	487,546	382,352
CAITEACHAS AR:					
Gníomhaíochtaí Carthanúla		(44,579)	(419,544)	(464,123)	(361,379)
Rialachas		(4,014)	(12,044)	(16,058)	(15,291)
CAITEACHAS IOMLÁN	5	(48,593)	(431,588)	(480,181)	(376,670)
Glanghluaiseacht i gcistí don bhliain airgeadais		6,933	432	7,365	5,682
Glanghluaiseacht i gcistí	17	6,933	432	7,365	5,682
Iomlán na gcistí a tugadh ar aghaidh 17		40,233	6,786	47,019	41,337
Iomlán na gcistí a tugadh ar aghaidh 17		47,166	7,218	54,384	47,019

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta

Clár Comhardaithe

ag 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	11	46,723	49,244
Sócmhainní Reatha			
Stoic	12	1,027	1,100
Féichiúnaithe	13	44,959	16,902
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	21	2,427	47,072
		48,413	65,074
Creidiúnaithe: méideanna a dhlífead laistigh de bhliain	14	(40,752)	(67,299)
Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)		7,661	(2,225)
Glansócmhainní Iomlána		54,384	47,019
Cistí Carthanais			
Cistí srianta	17	7,218	6,694
Cistí neamhshrianta	17	47,166	40,325
Iomlán na gCistí		54,384	47,019

Ceadaithe ag an mbord ar 13 Meitheamh 2024 agus sínithe ag na daoine seo a leanas é thar ceann an Bhoird:

Patrick Kerr
Stiúrthóir

Elaine Cronin
Stiúrthóir

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta RÁITEAS AR NA SREAFÁÍ AIRGID

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais		7,365	5,682
Coigeartaithe maidir le:			
Ús iníoctha agus costais chomhchosúla		180	545
Dímheas		2,521	2,521
		10,066	8,748
 Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre			
Gluaiseachtaí i stoic		73	(100)
Gluaiseacht i bhféichiúnaithe		(28,057)	1,750
Gluaiseacht i gcreidiúnaithe		(39,699)	10,713
 Airgead tirim arna ghiniúint ó oibríochtaí		(57,617)	21,111
Ús íoctha		(180)	(545)
 Glanairgead isteach arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(57,797)	20,566
 Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid		(57,797)	20,566
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana airgeadais		47,071	26,505
 Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais	21	(10,726)	47,071

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

1. Eolas Ginearálta

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici í Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta atá corpraithe agus cláraithe i bPoblacht na hÉireann. Is é 199069 uimhir chláraithe na cuideachta. Is é Séipéal an Gharastúin, Tor an Bhacaigh, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, oifig chláraithe na cuideachta ná agus is é sin príomháiit ghnó na cuideachta freisin. Tá nádúr oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in Euro (€) arb é airgeadra feidhmiúil na cuideachta é freisin.

2. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach i bplé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na cuideachta.

Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na cuideachta don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023 ar bhonn gnóthais leantaigh agus de réir FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (FRS 102).

An bonn ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Cuntasaíochta agus Tuairiscithe na gCarthanas: Ráiteas ar Chleachtais Molta is infheidhme maidir le carthanais atá ag ullmhú a gcuntas de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) le héifeacht ón 1 Eanáir 2015 - SORP Carthanas (FRS 102), an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme maidir leis an RA agus Phoblacht na hÉireann (FRS 102) agus Acht na gCuideachtaí 2014.

Comhlíonann Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta an sainmhíniú ar eintiteas leasa phoiblí faoi FRS 102. Aithnítear sócmhainní agus dlíteanais ar dtús ag costas stairiúil nó luach idirbhirt mura luaitear a mhalairt sa bheartas cuntasaíochta ábhartha.

Cuntasaíocht cistí

Is cistí neamhshrianta iad cistí ginearálta atá ar fáil le húsáid faoi rogha na stiúrthóirí chun cuspóirí ginearálta an charthanais a chur chun cinn agus nach bhfuil ainmnithe chun críocha eile.

Is éard is cistí srianta ann cistí atá le húsáid de réir srianta sonracha arna bhforchur ag deontóirí nó atá bailithe ag an gcarthanas chun críocha ar leith. Cuirtear na costais a bhaineann le cistí den sórt sin a chruinniú agus a riar in aghaidh an chiste ar leith. Tá aidhm agus úsáid gach ciste srianta leagtha amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais.

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

ar leanúint

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha

Ioncam

Aithnítear an t-ioncam go léir a luaithe a bhíonn teidlíocht ag an gcarthanas ar an ioncam, nuair is dócha go bhfaighfear an t-ioncam, agus nuair is féidir méid an ioncaim infhaighte a thomhas go hiontaofa.

Aithnítear seirbhísí nó áiseanna deonaithe nuair a bhíonn smacht ag an gcarthanas ar an earra, nuair a chomhlíontar aon choinníollacha a bhaineann leis an earra deonaithe, nuair is dócha go bhfaighfear tairbhe eacnamaíoch ó úsáid charthanachta na hítíme agus gur féidir leas eacnamaíoch a thomhas go hiontaofa. De réir SORP na gCarthanas (FRS 102), ní aithnítear am deonach ginearálta na gCairde agus déantar tagairt do thuarascáil na Stiúrthóirí chun tuilleadh eolais a fháil faoin méid a rinne siad.

Ar iad a fháil, aithnítear seirbhísí gairmiúla deonaithe agus saoráidí deonaithe ar bhonn luach an bhronntanais don charthanas, is é sin an méid a bheadh an carthanas toilteanach a íoc chun seirbhísí nó saoráidí ar luach comhionann eacnamaíoch a fháil ar an margadh oscailte; ansin aithnítear méid comhfhreagrach sa chaiteachas sa tréimhse infhaighte.

Aithnítear ioncam eile sa tréimhse ina bhfuil sé infhaighte agus a mhéad a cuireadh na hearraí ar fáil nó ar chríochnú na seirbhíse.

Cuimsíonn láimhdeachas ioncam atá aitheanta ag an gcarthanas maidir le hearraí agus seirbhísí a soláthraíodh i rith na bliana, gan Cáin Bhreisluacha agus lascaíní trádála san áireamh.

Caiteachas

Aithnítear caiteachas a luaithe a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach ann sochar eacnamaíoch a aistriú chuig tríú páirtí, nuair is dócha go mbeidh gá le haistriú sochar eacnamaíoch mar shocraíocht agus gur féidir méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa. Aicmítear caiteachas de réir gníomhaíochta. Tá costais gach gníomhaíochta comhdhéanta d'iomlán na gcostas díreach agus na gcostas chomhroinnte, lena n-áirítear costais tacaíochta a bhaineann le gach gníomhaíocht a dhéanamh. Leithdháiltear costais dhíreacha atá inchurtha i leith aon ghníomhaíochta go díreach ar an ngníomhaíocht sin. Déantar costais chomhroinnte, a rannchuidíonn le níos mó ná gníomhaíocht amháin agus costais tacaíochta, nach bhfuil inchurtha i leith aon ghníomhaíochta amháin, a chionroinnt idir na gníomhaíochtaí sin ar bhonn atá comhsheasmhach le húsáid acmhainní. Leithdháiltear costais foirne lárnacha ar bhonn an ama a chaitear, agus leithdháiltear táillí dímheasa ar an gcuid sin d'úsáid na sócmhainne.

Is ionann costais tacaíochta agus na costais sin a thabhaítear go díreach mar thaca le caiteachas ar chuspóirí na carthanachta. Is ionann costais rialachais agus na costais a thabhaítear maidir le riar an charthanais agus comhlíonadh na gceanglas bunreachtúil agus reachtúil. Is éard is gníomhaíochtaí carthanúla agus costais rialachais ann ná costais a thabhaítear ar oibríochtaí oideachais na carthanachta, lena n-áirítear costais tacaíochta agus costais a bhaineann le rialachas an charthanais a chionroinntear ar ghníomhaíochtaí carthanúla.

Gearrtar deontais iníoctha sa bhliain ina ndéantar an tairiscint ach amháin sna cásanna sin ina bhfuil an tairiscint coinníollach, aithnítear na deontais sin mar chaiteachas nuair a chomhlíontar na coinníollacha a ghabhann leo. Déantar deontais a thairgtear faoi réir coinníollacha, nár comhlíonadh ag deireadh na bliana, a nótaí mar ghealltanais, ach ní fhabhraítear iad mar chaiteachas.

Dlíteanais agus forálacha

Aithnítear caiteachas a luaithe a bhíonn oibleagáid ar dháta an chláir chomhardaithe mar thoradh ar imeacht roimhe seo, is dócha go mbeidh gá le haistriú sochar eacnamaíoch mar shocraíocht agus gur féidir méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa. Aithnítear dlíteanais ag an méid a mheasann an carthanas a íocfaidh sé chun an fiach a ghlanadh nó an méid a fuair sé mar réamhíocaíochtaí ar na hearraí nó na seirbhísí a chaithfidh sé a sholáthar. Déantar soláthairtí a thomhas ag an meastachán is fearr ar na méideanna is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. I gcás ina bhfuil éifeacht luach ama an airgid ábhartha, bunaítear an soláthar ar luach láithreach na méideanna sin, lascainithe ag an ráta lascaine réamhchánach trína léirítear na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dlíteanas. Aithnítear leachtú na lascaine laistigh d'ús iníoctha agus muirir chomhchosúla.

Ionstraimí airgeadais

Ní dhéanann an Chuideachta ach idirbhearta ionstraimí airgeadais bunúsacha as a n-aithnítear sócmhainní agus dlíteanais airgeadais amhail cuntais trádála agus eile infhaighte agus iníoctha, iasachtaí ó bhainc agus tríú páirtithe eile agus iasachtaí do pháirtithe gaolmhara.

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

ar leanúint

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Deontais rialtais

Aithnítear deontais ag luach cóir na sócmhainne infhaighte ag baint úsáid as an tsamhail fabhraithe nuair a bhíonn ráthaíocht réasúnach ann go bhfaighfean an deontas, agus go gcomhlíonfar gach coinníoll a ghabhann leis. Cuirtear deontais i leith caiteachais chaipitiúil chun sochair ioncam iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais thar shaolréanna úsáideacha ionchais na sócmhainní gaolmhara trí thráthchodanna cothroma bliantúla. Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais ioncaim chuig an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

Sócmhainní inláimhsithe agus dímheas

Taifeadtar na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir ar dtús ag costas stairiúil. Áirítear leis sin táillí dlí, dleacht stampa agus cánacha ceannaigh neamh-inaisíochta, agus freisin aon chostais atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a thabhairt chuig an suíomh agus an riocht is gá chun go mbeidh sí in ann feidhmiú ar an modh atá beartaithe ag an mbainistíocht, lena bhféadfar costais ullmhú an tsuímh, seachadadh agus láimhseáil tosaigh, suiteáil agus cóimeáil agus tástáil feidhmiúlachta a áireamh.

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe, seachas talamh ruilse ag rátaí a ríomhtar chun an costas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne go córasach thar a saol úsáideach ionchasach ar na boinn seo a leanas:

Dímheas Léasachta Foirgnimh	- 2% líne dírí
Daingneáin, feistis agus trealamh	- 20% líne dírí
Mótarfheithiclí	- 20% líne dírí

Déantar luachanna iarmharacha, saolréanna úsáideacha agus modhanna dímheasa na sócmhainní a athbhreithniú, agus a choigeartú go hionchasach más cuí, nó má thugtar le fios go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an dáta tuairiscithe deiridh.

Léasú

Gearrtar cíosanna a íoctar faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa.

Stoic

Déantar stoic a luacháil ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, tar éis lámháil chuí a dhéanamh do stoic atá imithe i léig agus stoic a ghluaiseann go mall. Áiríonn costas na costais dhíreacha go léir agus cion cuí d'fhorchostais sheasta agus athraitheacha.

Trádáil agus féichiúnaithe eile

Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile ag an méid socraíochta tar éis aon lascaine trádála a thairgtear. Déantar réamhíocaíochtaí a luacháil ag an méid réamhíochta glan ar aon lascaíní trádála atá dlite.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead sa bhanc agus airgead ar láimh airgead tirim agus infheistíochtaí ardleachta gearrthéarmacha a bhfuil aibíocht ghearr trí mhí nó níos lú acu ó dháta fála nó oscailt an chuntais taisce nó cuntas comhchosúil.

Trádáil agus féichiúnaithe eile

Aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile ag luach cóir ar dtús agus ina dhiaidh sin sonraítear iad ag costas amúchta ag baint úsáid as modh an ráta úis éifeachtaigh, mura rud é go mbeadh éifeacht an lascaínithe neamhábhartha, agus sa chás sin luaitear ag costas iad.

Cánachas

Tá stádas díolúin cánach carthanachta ag an gCuideachta faoi alt 207 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, faoin uimhir charthanachta chláráithe 20027711.

Pinsin

Feidhmíonn an chuideachta scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe d'fhostaithe. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó shócmhainní na cuideachta. Gearrtar ranníocaíochtaí bliantúla atá iníochta le scéim phinsin na cuideachta ar an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais sa tréimhse lena mbaineann siad.

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

ar leanúint

Breithiúnais shuntasacha cuntasáíochta agus príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais seo ar an mbainistíocht breithiúnas, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar fheidhmiú polasaithe agus méideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas go leanúnach agus bunaítear iad ar eispéiris stairiúla agus fachtóirí eile, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí sa todhchaí a chreidtear a bheith réasúnach faoi na himthosca. Déanann an chuideachta meastacháin agus boinn tuisceana maidir leis an todhchaí. Measann na stiúrthóirí gurb iad na meastacháin agus na boinn tuisceana chuntasaíochta thíos a meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta ríthábhachtacha.

Gnóthas leantach

Measann na stiúrthóirí go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

3. Gnóthas leantach

Tá an chuideachta charthanúil ag brath ar thacaíocht leanúnach a maoinitheoirí deontais le haghaidh maoiniú leanúnach agus ar an mbanc chun a shaoráid rótharraingte a oibriú. Níl aon chúis ag na stiúrthóirí a chreidiúint nach leanfaidh an tacaíocht seo ar aghaidh go ceann i bhfad.

Ar an mbonn seo, measann na stiúrthóirí go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áiríonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na méideanna a iomprófar agus ar rangú na sócmhainní agus na ndlíteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura raibh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

ar leanúint

4. Anailís ar ioncam

Déantar ioncam ó Ghníomhaíochtaí Carthanúla a anailísiú mar seo a leanas:

Cistí Neamh-shrianta 2023	Cistí Sriantha 2023	Cistí Iomlána 2023	Cistí Iomlána 2022
€	€	€	€
Turais ar an Músaem agus Fruiliú an Ionaid	9,402	-	9,402
Póstaeir Mhacasamhla	4,800	-	4,800
Bronntanais	3,738	-	3,738
Ranníocaíochtaí le Forchostais	-	9,742	9,742
Ceardlanna agus gníomhaíochtaí for-rochtana	-	10,280	10,280
Ioncam ó dheontais - CDETB - 106,802	-	-	106,802
Ioncam Deontais - An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon,	-	106,802	-
Gaeltachta, Spóirt & Meán	-	-	243,276
243,276	-	-	199,178
Ioncam ó Dheontas - An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	-	30,000	30,000
Ioncam ó Dheontas - Tuarascáil um Measúnú Straitéiseach	-	-	-
Ioncam ó Dheontas - An tSeachtain Dearaidh	-	920	920
Ioncam ó Dheontas - Tionscadal Clódóireachta Cheanannais 2023-	14,500	14,500	-
Ioncam ó Dheontas - Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta na hÉireann-	1,500	1,500	-
Ioncam ó Dheontas - An Chomhairle Oidhreacht	-	15,000	15,000
Strange Types & Odd Sorts Books	5,705	-	5,705
Taispeántais	2,881	-	2,881
Bailiú Airgid - Tráthnóna i bhfochair Claire Keegan	1,199	-	1,199
Bailiú Airgid - Gearrscéalta i gCló	4,296	-	4,296
	32,021	432,020	464,041
			356,221

In 2022, den bharrachas trádála ó ghníomhaíochtaí trádála, bhain €30,946 le cistí neamhshrianta agus €325,275 le cistí neamhshrianta.

Seo a leanas an t-ioncam ó Ghníomhaíochtaí Trádála:

Cistí Neamh-shrianta 2023	Cistí Sriantha 2023	Cistí Iomlána 2023	Cistí Iomlána 2022
€	€	€	€
Ioncam ó thrádáil carthanais			
Díolacháin siopa	5,979	-	5,979
Costais díolachán	(4,074)	-	(4,074)
Barrachas trádála	1,905	-	1,905
			4,531

In 2022, den bharrachas trádála ó ghníomhaíochtaí trádála, bhain €4,531 le cistí neamhshrianta agus € le cistí neamhshrianta.

Ioncam eile

Comhdhéanta d'ioncam ó chíos don bhliain €21,600 (2022 - €21,600). Is ionann ioncam eile agus ioncam neamhshrianta do 2023 agus 2022.

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

ar leanúint

5. Anailís ar an gcaiteachas

	Cistí N'shrianta 2023 €	Cistí Sriantha 2023 €	Cistí iomlána 2023 €	Cistí iomlána 2022 €
Gníomhaíochtaí Carthanúla				
Pá agus tuarastail	-	224,166	224,166	195,558
Solas agus teas	-	21,839	21,839	25,527
Pinsean	-	2,750	2,750	2,750
Árachas	-	10,350	10,350	7,569
Teileafón agus idirlíon	-	2,501	2,501	2,014
Fógraíocht agus margaiocht	2,258	-	2,258	1,716
Mótar agus taisteal	4,871	-	4,871	2,414
Sláinte agus sábháilteacht	-	29	29	770
Costais lónadóireachta	551	-	551	1,165
Costais an bhuiséid oideachais	-	4,131	4,131	493
Comhdhálacha agus oiliúint	2,104	-	2,104	550
Costais an treoraí turais	147	-	147	628
Costais na Tuarascála um Measúnú Straitéiseach	-	334	334	20,000
Costais ríomhaire agus láithreán ghréasáin	1,660	4,979	6,639	4,594
Priontáil, postas agus páipéarachas	957	2,873	3,830	3,711
Ceardlann	2,666	-	2,666	2,106
Costais Solas CDETB	-	34,045	34,045	20,493
Costais taispeántais	6,300	30,696	36,996	1,135
Cartlann na leabharlainne	-	604	604	-
Mionrudaí	3,570	-	3,570	4,608
Costais stórála	-	15,600	15,600	14,505
Costais uisce	445	229	674	591
Glanadh	1,770	-	1,770	1,150
Deisiú agus cothabháil	1,130	3,388	4,518	7,016
Muirir agus ús bainc	1,688	-	1,688	2,019
Slándáil agus coisceadh dóiteáin	1,325	3,975	5,300	7,064
Dramhaíl agus athchúrsáil	185	555	740	627
Cur chun cinn na grianghrafadóireachta agus na bhfíseán	-	-	-	2,150
Síntiúis agus ceadúnais	273	819	1,092	1,697
Táillí cúiréire agus seachadta	269	-	269	836
Geilleagar na hoíche	-	7,868	7,868	-
Costas na seachtaine dearaidh	-	1,390	1,390	-
Costais athlonnaithe	-	3,082	3,082	-
Gailearaí digiteach na Comhairle Oidhreacht	-	15,000	15,000	-
Caiteachas an deontais LRMS	-	18,613	18,613	9,614
Imeacht – Tionscadal na Scríbhneoirí	-	-	-	3,281
Tionscadal cistithe AVIVA	-	3,000	3,000	-
Costais Sheachtain Dearaidh 'Grand Stuff'	-	250	250	1,050
Costais an Choiste Coimeadaíochta	1,578	-	1,578	550
Costais an Tionscadail 'Blot'	1,834	-	1,834	1,275
Costais na nGearrscéalta	524	-	524	7,632
Costais 'Strange Types'	3,216	-	3,216	-
Costais na Suфраigéidí	578	-	578	-
Aistriú scileanna Éire Chruthaitheach	2,159	6,478	8,637	-
Dímheas agus amúchadh	2,521	-	2,521	2,521
Costais iomlána - Gníomhaíochtaí Carthanúla	44,579	419,544	464,123	361,379
Gníomhaíochtaí Rialachais				
Íocaíocht na nIníúcháirí	900	2,700	3,600	3,600
Dlíthiúil agus gairmiúil	3,114	9,344	12,458	11,691
Costais iomlána - Gníomhaíochtaí Rialála	4,014	12,044	16,058	15,291
CAITEACHAS IOMLÁN	48,593	431,588	480,181	376,670

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

ar leanúint

In 2022, ba é €376,670 an caiteachas iomlán ó ghníomhaíochtaí trádála. Bhain €53,808 le cisti neamhsrianta agus €322,862 le cistí srianta.

6. Glan-acmhainní isteach /(acmhainní caite)	2023	2022
	€	€
Bíonn sé seo ráite tar éis muirearú:		
Dímheas sócmhainní inláimhsithe faoi úinéireacht carthanais	2,521	2,521

7. Imeacht ó Chur i Láthair Acht na gCuideachtaí 2014

Roghnaigh na stiúrthóirí Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais a chur i láthair in ionad Cuntas Brabúis agus Caillteanais sna ráitis airgeadais seo toisc gurb é eintiteas neamhbhrabúis príomhfheidhm na cuideachta carthanúla.

8. Ús iníoctha agus costais chomhchosúla	2023	2022
	€	€
Ar ró-tharraingtí	180	545

9. Fostaithe agus luach saothair

Líon na bhfostaithe

Ba é seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gcarthanas sa bhliain airgeadais:

	2023	2022
	Uimhir	Uimhir
Riarachán	2	2
Bainisteoir an Mhúsaeim	1	1
Cúntóirí Músaeim	4	4
	7	7

Seo a leanas na costais foirne:

	2023	2022
	€	€
Pá agus tuarastail	202,704	177,445
Costais leasa shóisialaigh	21,462	18,113
Costais pinsin	2,750	2,750
	226,916	198,308

Bhain gach costas pá agus tuarastail do 2023 agus 2022 le caiteachas srianta.

B'ionann na príomhthuarastail bhainistíochta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus €58,750 (2022 - €55,000).

Ní bhfuair aon fhostaí luach saothair arbh fhiú níos mó ná €60,000 i gceachtar den dá bhliain.

I rith na bliana, ní bhfuair aon Stiúrthóir aon luach saothair (2022 - €NÍL)

I rith na bliana, ní bhfuair aon Stiúrthóir aon sochair chomhchineáil (2022 - €NÍL).

I rith na bliana, ní bhfuair aon Stiúrthóir aon aisíocaíocht costas (2022 - € NÍL).

10. Cáin chorparáide

Bhronn an tÚdarás Rialála Carthanais (CRA) stádas carthanachta ar an gcuideachta, rud a chiallaíonn go bhfuil Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta díolmhaithe ó cháin chorparáide a íoc.

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

ar leanúint

11. Sócmhainní inláimhsithe

	Léasacht réadmhaoin feabhsúcháin €	Daingneáin, feistiú agus trealamh €	Feithiclí fei €	Iomlán €
Costas				
Ag 1 Eanáir 2023	102,732	2,331	26,484	131,547
Ag 31 Nollaig 2023	102,732	2,331	26,484	131,547
Dímheas				
Ag 1 Eanáir 2023	54,887	932	26,484	82,303
Muirear don bhliain airgeadais	2,055	466	-	2,521
Ag 31 Nollaig 2023	56,942	1,398	26,484	84,824
Glanluach na Leabhar				
Ag 31 Nollaig 2023	45,790	933	-	46,723
Ag 31 Nollaig 2022	47,845	1,399	-	49,244

12. Stoic

	2023 €	2022 €
Earraí críochnaithe agus earraí lena n-athdhíol	1,027	1,100

Ní raibh aon difear suntasach idir costas athsholáthair an stoic agus na figiúirí a thaispeántar.

13. Féichiúnaithe

	2023 €	2022 €
Féichiúnaithe trádála	15,000	-
Cánachas (Nóta 15)	10,722	2,368
Réamhiocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	19,237	14,534
	44,959	16,902

Beidh gach creidiúnaí dlite laistigh de bhliain.

14. Creidiúnaithe

Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain	2023 €	2022 €
Méideanna dlite d'institiúidí creidmheasa	13,153	-
Creidiúnaithe trádála	564	425
Cánachas (Nóta 15)	10,018	4,410
Fabhruithe	17,017	15,463
Ioncam larchurtha	-	47,000
	40,752	67,298

15. Cánachas

	2023 €	2022 €
Féichiúnaithe:		
CBL	10,722	2,368
Creidiúnaithe:		
ÍMAT	10,018	4,410

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

ar leanúint

16. Costais pinsin - ranníocaíocht shainithe

Feidhmíonn an chuideachta scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe d'fhostaithe. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó shócmhainní na cuideachta i gciste a riartar go neamhspleách. Ba ionann agus €2,750 (2022 - €2,750) na costais pinsin.

17. Ráiteas ar chistí

	01/01/2023	Ioncam	Caiteachas	31/12/2023
	€	€	€	€
Cistí neamhshrianta	40,233	55,526	(48,593)	47,166
Cistí srianta	6,786	432,020	(431,588)	7,218
	47,019	487,546	(480,181)	54,384

18. Ceangaltais chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ag an aonán ag deireadh bliana 31 Nollaig 2023 (2022: ar fáil).

19. Idirbhearta páirtí gaolmhar

Níor tharla aon idirbheart maidir le páirtí gaolmhar sa bhliain airgeadais reatha nó i mbliain airgeadais chomparáideach.

20. Imeachtaí iar-chláir chomhardaithe

Ní dhearna aon imeacht suntasach difear don aonán ó dheireadh bliana.

21. Airgead tirim agus coibhéisí airgid

	2023 €	2022 €
Airgead agus iarmhéideanna bainc	2,427	47,071
Rótharraingtí bainc	(13,153)	—
	(10,726)	47,071

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

ar leanúint

22. Dlíteanas na mball

Geallann gach comhalta den chuideachta charthanúil ranníocaíocht a dhéanamh le sócmhainní na cuideachta i gcás go bhfoirceannar í fad is atá sé/sí ina chomhalta, nó laistigh de bhliain tar éis dó/di scor de bheith ina chomhalta, cibé méid is féidir, nach mó ná €1 le haghaidh na bhfiacha agus na ndlíteanas conartha sula scoireann sé/sí de bheith ina bhall.

23. Deontais

Seo a leanas na nochtaí arna iarraidh in Imlitir na Roinne Airgeadais 13/2014:

Ainm an deontóra	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Ainm an deontais	Scéimeanna cultúrtha
Cuspóir an deontas	Pá agus seirbhísí ginearálta riaracháin a sholáthar
Méid an deontais	€ 155,000
Téarma an deontais	Bliain amháin
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 155,000
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Tá an deontas ceaptha chun músaem agus tionscadal gaolmhar oideachais agus amháin a sholáthar
Imréiteach cánach	Tá
Comhlíontach maidir leis an imlitir ábhartha	Tá

Ainm an deontóra	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Ainm an deontais	Deontas forlíontach – costais fuinnimh
Cuspóir an deontas	Cuidiú le costais fuinnimh agus boilsciú atá ag méadú
Méid an deontais	€ 65,000
Téarma an deontais	Bliain amháin – Iúil 2022 go Meitheamh 2023
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 32,500
An méid a fuarthas sa bhliain	€ 0
An méid a cuireadh siar	€ 0
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Tá an deontas ceaptha le cuidiú le costais fuinnimh atá ag éirí de bharr boilsciú
Imréiteach cánach	Tá
Comhlíontach maidir leis an imlitir ábhartha	Tá

Ainm an deontóra	Comhairle Contae na Mí
Ainm an deontais	Ceanannas Mór – Harvesting Culture Connecting the Dots
Cuspóir an deontas	Chun tacú le deontas ag Oibreacha Cló Ceanannais, Co. na Mí
Méid an deontais	€ 14,500
Téarma an deontais	Bliain amháin
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 14,500
An méid a fuarthas sa bhliain	€ 0
An méid a cuireadh siar	€ 0
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Do Thionscadal Oibreacha Cló Ceanannais an deontas.
Imréiteach cánach	Tá
Comhlíontach maidir leis an imlitir ábhartha	Tá

Cuideachta an Mhúsaeim Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

ar leanúint

23. Deontais (ar leanúint)

Ainm an deontóra	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Ainm an deontais	Scéim Taispeántas na Músaem Réigiúnach
Cuspóir an deontas	Tacú le for-rochtain, oideachas agus taispeántais
Méid an deontais	€ 14,659
Téarma an deontais	Bliain amháin
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 14,659
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Tá an deontas ceaptha chun costais taibhithe a aisíoc
Imréiteach cánach	Tá
An Imlitir ábhartha á comhlíonadh	Tá

Ainm an deontóra	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Ainm an deontais	Deontas forlíontach – costais athfhorbartha & iompair
Cuspóir an deontas	Cuidiú le costais athfhorbartha & iompair
Méid an deontais	€ 30,000
Téarma an deontais	Bliain amháin
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 30,000
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Tá an deontas ceaptha chun costais taibhithe a aisíoc
Imréiteach cánach	Tá
An Imlitir ábhartha á comhlíonadh	Tá

Ainm an deontóra	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Ainm an deontais	Geilleagar Oíche iar-Uaireanta ag scéim an Mhúsaeim
Cuspóir an deontas	Chun tacú le himeachtaí oíche ag an Músaem
Méid an deontais	€ 9,817
Téarma an deontais	Bliain amháin
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 9,817
An méid a fuarthas sa bhliain	€ 9,817
An méid a cuireadh siar	€ 0
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Tá an deontas ceaptha chun costais taibhithe a aisíoc
Imréiteach cánach	Tá
An Imlitir ábhartha á comhlíonadh	Tá

Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

ar leanúint

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Ainm an deontóra	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Ainm an deontais	Mná 100
Cuspóir an deontas	Tacaíocht do cheardlanna scoile mar chuid de thionscadal Mná 100
Méid an deontais	€ 1,300
Téarma an deontais	Bliain amháin
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 1,300
Caiteachas i mBliain Amháin	€ 1,300
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Tá an deontas ceaptha chun costais taibhithe a aisíoc
Imréiteach cánach	Tá
An Imlitir ábhartha á comhlíonadh	Tá

Ainm an deontóra	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Ainm an deontais	Mion-shárshaothar — 100 Bliain de Stampáí
Cuspóir an deontas	Tacaíocht a chur ar fáil do thaispeántas
Méid an deontais	€ 30,000
Téarma an deontais	Bliain amháin
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 30,000
An méid a fuarthas sa bhliain	€ 30,000
An méid a cuireadh siar	€ 0
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Tá an deontas ceaptha chun costais taibhithe a aisíoc
Imréiteach cánach	Tá
An Imlitir ábhartha á comhlíonadh	Tá

Ainm an deontóra	BOO Chathair Bhaile Átha Cliath
Ainm an deontais	DFHERIS/SOLAS/City of Dublin/Reach Fund
Cuspóir an deontas	Cuireann sé tacaíocht ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais chun páirt a ghlacadh in oideachas pobail i gcathair Bhaile Átha Cliath.
Méid an deontais	€ 3,816
Téarma an deontais	Bliain amháin
An méid a cuireadh leis an ioncam	€ 3,816
Caiteachas i mBliain Amháin	€ 3,816
Deontas caipitil	Níorbh ann dó
Fostaithe	Ní bhfuair aon fhostaí sochar os cionn €60,000 i gcaitheamh na bliana.
Srianta	Tá an deontas ceaptha chun costais taibhithe a aisíoc
Imréiteach cánach	Tá
An Imlitir ábhartha á comhlíonadh	Tá

24. Soláthairtí atá ar fáil chun eintitis bheaga a iniúchadh

Cosúil le go leor gnólachtaí eile dár méid agus dár nádúr, bainimid úsáid as ár n-iniúcháirí chun tuairisceáin chánach a ullmhú agus a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim agus chun cabhrú le cur i láthair na ráiteas airgeadais.

25. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Rinne an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú agus a údarú lena n-eisiúint ar an 13 Meitheamh 2024.

CUIDEACHTA AN MHÚSAEIM NÁISIÚNTA CLÓ FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA

FAISNÉIS FHORLÍONTACH

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 2023

NACH BHFUIL CLÚDAITHE I DTUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA

NÍ CUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA IAD INA LEATHANAIGH SEO A LEANAS

**Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta
FAISNÉIS FHORLÍONTACH A BHAINNEAN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
RÁITEAS TRÁDÁLA**

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	2023 €	2022 €
Ioncam		
Turais ar an Músaem agus Frúiliú an Ionaid	9,402	3,935
Póstaeir mhacasamhla	4,800	3,338
Síntiúis	3,738	2,552
Ranníocaíochtaí le forchostais	9,742	10,283
Ceardlanna agus gníomhaíochtaí for-rochtana	10,280	5,564
Ioncam ó dheontais - CDETB - 106,802	106,802	90,250
Ioncam ó dheontas - An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	243,276	199,178
Ioncam ó Dheontas - An Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide	30,000	-
Ioncam ó Dheontas - Tuarascáil um Measúnú Straitéiseach	-	20,000
Ioncam ó Dheontas - An tSeachtain Dearaidh	920	-
Ioncam ó Dheontas - Tionscadal Clódóireachta Cheanannais 2023	14,500	-
Ioncam ó Dheontas - An Chomhairle Oidhreachta	15,000	-
Ioncam ó Dheontas - Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta na hÉireann	1,500	-
Strange Types & Odd Sorts Books	5,705	-
Bailiú Airgid - Gearrscéalta i gCló	4,296	19,690
Bailiú Airgid - Tráthnóna i bhfochair Claire Keegan	1,199	1,431
Taispeántais	2,881	-
Díolacháin siopa	5,979	6,481
	470,020	362,702
Costais díolachán		
Stoc ag an oscailt	1,100	1,000
Ceannacháin	4,001	2,050
	5,101	3,050
Stoc ag an dúnadh	(1,027)	(1,100)
	4,074	1,950
Ollbhrabús	465,946	360,752
Céatadán an Ollbhrabúis	99.1%	99.5%

**Cuideachta an Mhúsaem Náisiúnta Cló faoi Theorainn Ráthaíochta
FAISNÉIS FHORLÍONTACH A BHAINNEAN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
RÁITEAS TRÁDÁLA**

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	2023 €	2022 €
Costais riaracháin		
Pá agus tuarastail	202,704	177,445
Costais leasa shóisialaigh	21,462	18,113
Costais aoisliúntais foirne le sochair shainithe	2,750	2,750
Costais an bhuiséid oideachais	4,131	493
Comhdhálacha agus oiliúint	2,104	550
Sláinte agus sábháilteacht	29	770
Costais stórála	15,600	14,505
Costais uisce	674	591
Ceardlann	2,666	2,106
Árachas	10,350	7,569
Solas agus teas	21,839	25,527
Glanadh	1,770	1,150
Deisiú agus cothabháil	4,518	7,016
Priontáil, postas agus páipéarachas	3,830	3,711
Fógraíocht agus margaíocht	2,258	1,716
Táillí cúiréire agus seachadta	269	836
Teileafón agus idirlíon	2,501	2,014
Costais ríomhaire & láithreán gréasáin	6,639	4,594
Costais Solas CDETB	34,045	20,493
Costais an treoraí turais	147	628
Costais mótair agus taistil	4,871	2,414
Costais taispeántais	36,996	1,135
Dlíthiúil agus gairmiúil	12,458	11,691
Táillí sainchomhairleorachta Costais Thuarascáil ar Mheasúnú	334	20,000
Straitéiseach		
Muirir bhainc	1,508	1,474
Costais lónadóireachta	551	1,165
Cartlann na leabharlainne	604	-
Costais éagsúla	3,570	4,608
Costais Sheachtain Dearaidh 'Grand Stuff'	250	1,050
Costais an Choiste Coimedaíochta	1,578	550
Cur chun cinn na grianghrafadóireachta agus na bhfíseán	-	2,150
Geilleagar na hoíche	7,868	-
Costas na seachtaine dearaidh	1,390	-
Costais athlonnaithe	3,082	-
Slándáil & coisceadh dóiteáin	5,300	7,064
Dramhaíl agus athchúrsáil	740	627
Gailearaí digiteach na Comhairle Oidhreachta	15,000	-
Caiteachas an deontais LRMS	18,613	9,614
Imeacht – Tionscadal na Scríbhneoirí	-	3,281
Tionscadal cistithe AVIVA	3,000	-
Síntiúis agus ceadúnais	1,092	1,697
Costais an Tionscadail 'Blot'	1,834	1,275
Costais na nGearrscéalta	524	7,632
Costais 'Strange Types'	3,216	-
Costais na Suфраigéidí	578	-
Aistriú scileanna Éire Chruthaitheach	8,637	-
Íocaíocht an Iníúcháir	3,600	3,600
Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe	2,521	2,521
	480,001	376,125
Airgeadas		
Ús bainc íoctha	180	545
Ioncam eile		
Cíos infhaighte	21,600	21,600
Glanghluaiseacht i gcistí	7,365	5,682